2025/2041

23.10.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2041 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2025/2040 an 23 Deireadh Fómhair 2025 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 23 Deireadh Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2040, lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2025/2040 meastar é a bheith iomchuí liosta na n-ítimí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála a leathnú trí ítimí a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin agus ítimí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh chóras míleata na Bealarúise a liostú, lena n-áirítear comhpháirteanna leictreonacha, raonaimsitheoirí, ceimiceáin bhreise a úsáidtear chun tiomántáin a ullmhú, agus miotail, ocsaídí agus cóimhiotail bhreise a úsáidtear chun córais mhíleata a mhonarú.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2025/2040 meastar é a bheith iomchuí liosta na n-earraí atá faoi réir srianta ar onnmhairiú a leathnú, ar earraí iad a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, amhail salainn agus mianta, earraí mar atá feadáin rubair, boinn, clocha muilinn agus ábhair thógála.

(6) Le Cinneadh (CBES) 2025/2040 forchuirtear srianta breise ar bhogearraí a sholáthar do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, bogearraí a bhfuil úsáidí áirithe acu san earnáil baincéireachta agus airgeadais agus seirbhísí a rannchuidíonn le feabhas a chur ar acmhainneachtaí teicneolaíochta na Bealarúise, eadhon soláthar seirbhísí tráchtála áirithe spásbhunaithe, seirbhísí áirithe intleachta saorga, ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus seirbhísí ríomhaireachta candamaí. Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2025/2040 leathnaítear raon feidhme na srianta atá ann faoi láthair ionas go gcumhdaítear ní hamháin tástáil agus anailís theicniúil, mar a aicmítear in aicme 8676 den Aicmiú Lárnach Táirgí iad mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT sealadach, 1991 é, ach freisin seirbhísí teicniúla eile arb iad atá i ngrúpa 867 den Aicmiú Lárnach Táirgí. Áirítear go háirithe ar na seirbhísí teicniúla eile sin, mar a aicmítear in aicme 8675 iad, na seirbhísí comhairliúcháin eolaíocha agus teicniúla seo a leanas: sirtheoireacht gheolaíoch, gheoifisiceach agus seirbhísí sirtheoireachta eolaíocha eile, suirbhéireacht fodhromchla, suirbhéireacht dromchla agus seirbhísí déanta léarscáileanna.

([1]) IO L, 2025/2040, 23.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2040/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj).

([3]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).

(7) I bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, a bhfuil baint ag an mBealarúis leis, ba cheart d'údarás inniúil measúnú *ex ante* a dhéanamh ar aon soláthar breise seirbhísí do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, chun an riosca go gcuirfeadh seirbhís le hacmhainneacht mhíleata, theicneolaíoch nó thionsclaíoch na Bealarúise a mhaolú. Dá bhrí sin, le Cinneadh (CBES) 2025/2040 tugtar isteach ceanglas maidir le réamhúdarú ón údarás inniúil le haghaidh aon seirbhís a sholáthraítear do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nach bhfuil faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Airteagal 1jc de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 cheana féin.

(8) Le Cinneadh (CBES) 2025/2040 forchuirtear srianta ar sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní, ar sholáthar na seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i bpointí 5 agus 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus ar eisiúint ríomh-airgid do náisiúnaigh na Bealarúise, do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, agus do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis, i bhfianaise a thábhachtaí atá na seirbhísí sin d'fhorbairt earnálacha teicneolaíochta airgeadais agus ríomhthráchtála na Bealarúise agus i bhfianaise na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint as seirbhísí cripteashócmhainní chun dul timpeall ar bhearta sriantacha. Ní bhaineann na srianta sin le forghníomhú idirbheart íocaíochta dá dtagraítear i bpointí 3 agus 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2015/2366. Níor cheart a thuiscint leis na srianta le soláthar seirbhísí íocaíochta go bhforchuirtear oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí tionscanta íocaíochta go gcinnfidís náisiúntacht, áit chónaithe nó áit bhunaithe úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ar bhonn gach idirbhirt, ná ar fhaighteoirí idirbheart íocaíochta go ndéanfaidís scagadh smachtbhannaí ar idirbhearta aonair le cárta íocaíochta. Is ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta is riarthóir cuntas atá an phríomhfhreagracht as smachtbhannaí a chomhlíonadh i ndáil le hidirbhearta íocaíochta a fhorghníomhú. Tá na srianta ar sholáthar seirbhísí cripteashócmhainní ceangailteach freisin ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn faoin gcóras idirthréimhseach a leagtar amach in Airteagal 143(3) de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(9) Le Cinneadh (CBES) 2025/2040 cuirtear isteach díolúintí is gá chun críoch daonnúil, chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar, chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát a aithint nó a fhorfheidhmiú. Tá na díolúintí agus an maolú gan dochar don toirmeasc ar oibreoirí san Aontas seirbhísí teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar do na heintitis a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006.

(10) Chun ioncam na Bealarúise a laghdú a thuilleadh, meastar le Cinneadh (CBES) 2025/2040 é a bheith iomchuí an toirmeasc ar cheannach, allmhairiú nó aistriú ítimí áirithe a leathnú, rud a chuireann ar chumas na Bealarúise a foinsí ioncaim a éagsúlú chuig gach hidreacarbón neamh-thimthriallach.

(11) Ar deireadh, is iomchuí freisin leasuithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar an téacs oibríochtúil agus ar na hiarscríbhinní chun cruinneas agus soiléireacht forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a fheabhsú.

(12) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'28. ciallaíonn "cripteashócmhainn" cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5) de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

([4]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

29. ciallaíonn “seirbhísí íocaíochta” seirbhísí mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3), de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**);

(*) Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

(**) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).’;

(2) leasaítear Airteagal 1bb mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna a leanas isteach:

‘3c. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 2501, 2505, 2507, 2513, 2516, 2517, 2528, 2606, 6804, 6815 agus 6903, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, atá riachtanach don fhorghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

3d. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC 6902 agus 6909 19, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Aibreán 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(b) scriostar mír 9;

(3) scriostar mír 5 d’Airteagal 1ga;

(4) leasaítear Airteagal 1jc mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘1. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí cuntasaíochta, seirbhísí iniúchóireachta, lena n-áirítear iniúchóireacht reachtúil, leabharchoimeád, comhairliúchán cánach agus comhairliúchán gnó agus bainistíochta, nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘2. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí tógála, ailtireachta, innealtóireachta, innealtóireachta comhtháite, pleanála uirbí, comhairliúcháin eolaíoch agus theicniúil a bhaineann le hinnealtóireacht agus seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla, seirbhísí comhairleacha dlí nó seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:’;

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘3. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí fógraíochta, taighde margaidh nó pobalbhreitheanna a sholáthar, go díreach nó go hindíreach:’;

(d) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘4. Cuirfear toirmeasc ar bhogearraí le haghaidh bainistiú fiontar, bogearraí le haghaidh dearadh tionsclaíoch agus monarú tionsclaíoch agus bogearraí a mbaintear úsáid áirithe astu san earnáil baincéireachta agus airgeadais mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI a dhíol, a sholáthar, a aistriú, a onnmhairiú, nó a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:’;

(e) cuirtear an mhír a leanas isteach:

‘4a. Cuirfear toirmeasc, ón 25 Samhain 2025, ar an méid a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach; seirbhísí tráchtála spásbhunaithe arb é atá iontu faire na Cruinne nó loingseoireacht satailíte, seirbhísí intleachta saorga (IS) arb é atá iontu rochtain ar shamhlacha agus ar ardáin dá seirbhísí oiliúna, mionchoigeartaithe agus infeiris, nó dá ríomhaireacht ardfheidhmíochta, lena n-áirítear rochtain ar ríomhaireacht luathaithe ag an aonad próiseála grafaice, nó ar sheirbhísí ríomhaireachta candamaí do:

(a) Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5;

‘5. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4a chun iad a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, nó d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4a a sholáthar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, nó d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin; nó

(c) cearta maoine intleachtúla nó rúin trádála a dhíol, a cheadúnú nó a aistriú ar bhealach ar bith eile agus cearta rochtana nó athúsáide a thabhairt ar aon ábhar nó faisnéis a chosnaítear trí bhíthin cearta maoine intleachtúla nó ar rúin trádála iad a bhaineann leis na bogearraí dá dtagraítear i mír 4 agus maidir le soláthar, monarú, cothabháil agus úsáid na mbogearraí sin, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nó d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin.’;

(g) cuirtear an mhír a leanas isteach:

‘5a. Beidh gá le réamhúdarú chun aon seirbhís nach gcumhdaítear le míreanna 1, 2, 3 ná 4a a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí. Féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí den sórt sin a údarú, bunaithe ar mheasúnú sonrach cás ar chás, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo.’;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

‘10. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 2 agus 4 ná ag na toirmisc a bhaineann le seirbhísí tráchtála spásbhunaithe i mír 4a le soláthar seirbhísí nó bogearraí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.’;

(i) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘10a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 4 maidir le díol, soláthar bogearraí lena mbaineann úsáidí áirithe san earnáil baincéireachta agus airgeadais mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI, atá riachtanach don fhorghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2026 i gcás conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

10b. Ní bheidh feidhm ag mír 5a maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 1 Eanáir 2026 i gcás conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a fhorghníomhú.’;

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12:

‘12. De mhaolú ar na toirmisc a bhaineann le bogearraí i mír 4 agus ar na toirmisc a bhaineann le soláthar seirbhísí intleachta saorga agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta nó seirbhísí ríomhaireachta candamaí i mír 4a, féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar na mbogearraí agus na seirbhísí dá dtagraítear inti a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na seirbhísí sin riachtanach le haghaidh rannchuidiú náisiúnaigh de chuid na Bealarúise le tionscadail idirnáisiúnta foinse oscailte.’;

(k) i mír 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘13. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo chun na gcríoch seo a leanas:’;

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15:

‘15. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5a agus faoi mhíreanna 11 go 14 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(5) in Airteagal 1ra, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘9b. Maidir leis na hearraí a thagann faoin gcód AC 2901 10 00, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 25 Eanáir 2026 i gcás conarthaí a thabharfar i gcrích roimh an 24 Deireadh Fómhair 2025, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

9c. Amhail ón 26 Eanáir 2026 go dtí an 25 Iúil 2026, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 de thionscnamh na Bealarúise nó a onnmhairítear ón mBealarúis a cheannach nó a allmhairiú chuig an Ungáir, ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe na hearraí a úsáid go heisiach san Ungáir.

9d. Earraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 a allmhairítear chuig an Ungáir tar éis na díolúine i mír 9c, ní dhíolfar ar aghaidh iad le ceannaitheoirí atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír.’;

(6) leasaítear Airteagal 1s mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír a leanas isteach:

‘4b. De mhaolú ar mhír 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn XIVa trí chríoch na Bealarúise a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, amhail seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibrithe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;

(b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údarúcháin agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus an Bhealarúis; nó

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.’;

(7) leasaítear Airteagal 1u mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfear toirmeasc ar na seirbhísí seo a leanas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do náisiúnaigh na Bealarúise nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, nó do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis:

(a) seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) ionstraimí íocaíochta a eisiúint, idirbhearta íocaíochta a fháil, nó seirbhísí tionscanta íocaíochta, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366;

(c) ríomh-airgead a eisiúint, mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí ríomh-airgid, an gnó sin a shaothrú agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/110/oj).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfear toirmeasc ón 26 Márta 2025 ar chead a thabhairt do náisiúnaigh na Bealarúise nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis, go díreach nó go hindíreach, aon phost i gcomhlachtaí rialachais duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn seirbhísí tiachóige, cuntais nó cumhdaigh criptea-shócmhainní a shealbhú, a rialú, nó na poist sin a bheith acu.’;

(8) leasaítear Airteagal 1v mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 1u(1) agus (2), féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar leis an taisce sin nó go soláthrófar seirbhís den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le glacadh leis an taisce sin nó leis an soláthar seirbhíse sin:’;

(b) cuirtear na míreanna a leanas isteach:

‘1a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc in Airteagal 1u(2), pointí (b) agus (c), maidir le soláthar faisnéis aitheantais slándála phearsantaithe is gá chun rochtain a fháil ar chuntas le hinstitiúid creidmheasa nó le hinstitiúid ríomh-airgid atá bunaithe i mBallstát nó i dtír mar a liostaítear in Iarscríbhinn Vba.

1b. De mhaolú ar Airteagal 1u(2), pointí (b) agus (c), féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhíse den sórt sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá déanamh amhlaidh le haghaidh úsáid eisiach daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aonair nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre mar a liostaítear in Iarscríbhinn Vba.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1, pointe (a), (b), (d), (e) nó (f), agus faoi mhír 1b laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(9) in Airteagal 1w, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití i mír 1:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 1u(1) agus (2), féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go nglacfar leis an taisce sin nó go soláthrófar seirbhís den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur fíor an méid seo a leanas maidir le glacadh leis an taisce sin nó leis an soláthar seirbhíse sin:’;

(10) in Airteagal 1zb, cuirtear na pointí seo a leanas le mír 1a:

'(c) a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis nó talmhaíochta agus bia, lena n áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-onnmhairiú, a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-iompar chuig an mBealarúis faoin Rialachán seo, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a iompar;

(d) a bhfuil gá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo; nó

(e) a bhfuil gá leo chun críoch daonnúil, ar nós cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibrithe daonnúla agus cúnamh gaolmhar a aistriú, nó le haghaidh aslonnuithe.';

(11) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'IARSCRÍBHINN V

LIOSTA NA nDAOINE NÁDÚRTHA AGUS DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS NÓ NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 1e(7), 1f(7), 1fa(1) AGUS 1fa(1a)';

(2) leasaítear Iarscríbhinn Va mar a leanas:

(a) i gCuid A, Catagóir I, roinn X.A.I.001, cuirtear an mhír seo a leanas léi:

'q. Ionduchtóirí le haghaidh Gairis Feistithe ar Dhromchla (SMD).';

(b) i gCuid A, Catagóir VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn X.A.VIII.023:

'X.A.VIII.023 Líontáin, téastair, pubaill, pluideanna agus éadaí (lena n-áirítear éadaí oirbheartaíochta, coisbheart, veisteanna, córais iompair, agus gabhálais ghaolmhara), atá saindeartha nó oiriúnach lena n-úsáid i gcomhrac míleata, in oibríochtaí allamuigh, nó chun críoch duaithníochta.';

(c) i gCuid A, Catagóir VIII, cuirtear an méid seo a leanas ina ionad roinn X.C.VIII.005:

'X.C.VIII.005 Tiomántáin agus ceimiceáin ar cuid de thiomántán iad, agus oibreáin chúnta ghaolmhara, mar a leanas:

a. Dé-isicianáit tolúéine, in aon fhoirm isiméireach (CAS 584-84-9, 91-08-7, 26471-62-5, 9002-68-2, 26628-22-8);

b. Dé-isicianáit Défheinile Mheitile (CAS 101-68-8);

c. Dé-isicianáit iseafóróin (CAS 4098-71-9);

d. Xilidín, in aon fhoirm isiméireach (CAS 87-59-2, 95-68-1, 95-78-3, 87-62-7, 95-63-6 nó 108-69-0);

e. Poiléitear Hiodrocsa Foirceanta (HTPE);

f. Éitear Capralachtóin Hiodrocsa Foirceanta (HTCE);

g. Tríchlóraisiolán meitile (CAS 75-79-6);

h. Oibreáin chúnta mar a leanas:

1. Aigéad eitiléindé-aimínteatraicéiteach (EDTA) (CAS 60-00-4);

2. Salann déshóideach de EDTA (CAS 139-33-3 agus CAS 6381-92-6); nó

3. Salann teitreasóidiam de EDTA (CAS 64-02-8).

Nóta Teicniúil: Tagraíonn an ítim seo do shubstaint ion agus d'aon mheascán ina bhfuil 50 % ar a laghad de cheann amháin de na ceimiceáin thuasluaite.';

(d) i gCuid A, Catagóir IX, cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

'X.C.IX.016 Molaibdéineam agus cóimhiotail, nach rialaítear le 1C117 [1], a bhfuil níos mó ná 90 % tungstain de réir molaibdéineam iontu.

Nóta: Chun críoch rialú X.C.IX.016, eisiatar ionstraimí máinliachta nó leighis.';

(e) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla '3. Ceamaraí fótagrafacha, braiteoirí agus comhpháirteanna optúla':

[1] Tag: Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

‘3. Ceamaraí fótagrafacha, braiteoirí agus comhpháirteanna optúla

Cód AC	Tuairisc
8525 89	Ceamaraí teilifíse, ceamaraí digiteacha agus fístaifeadáin cheamara eile
8529 90	Páirteanna eile atá oiriúnach le húsáid leis an ngléasra atá faoi cheannteidil 8524 go dtí 8528, agus leis sin amháin nó go príomha
9006 30	Ceamaraí atá deartha go speisialta le húsáid faoin uisce, le haghaidh aershuirbhéireachta nó le haghaidh scrúdú máinliachta nó míochaine orgán inmheánach; ceamaraí comparáideacha chun críoch fóiréinseach nó coireolaíochta
9006 91	Páirteanna agus gabhálais le haghaidh ceamaraí
9013 10	Treoracha teileascóip le feistiú ar ghéaga; peireascóip; Teileascóip atá deartha le bheith ina gcuid de mheaisíní, fearais, uirlisí nó gléasra den chaibidil seo nó de Roinn XVI
9013 80	Gairis, fearais agus uirlisí optúla eile
9015 10 00	Raonaimsitheoirí
9025 19	Teirmiméadair agus piriméadair eile nach bhfuil comhcheangailte le huirlisí eile
9032 10	Teirmeastait’;

(f) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla ‘6. Ábhair agus réamhtheachtaithe fuinneamhachais’:

‘6. Ábhair agus réamhtheachtaithe fuinneamhachais

Cód AC	Tuairisc
2804 50 10	Bórón
2829 11 00	Clóráití de shóidiam
2829 19 00	Clóráití eile
2829 90	Sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití
3912 11 00	Aicéatáití ceallalóis den chineál neamhphlaistithe, i bhfoirmeacha príomhúla
3912 12 00	Aicéatáití ceallalóis den chineál plaistithe, i bhfoirmeacha príomhúla
3912 39	Éitir cheallalóis, i bhfoirmeacha príomhúla (gan ceallalós carbocsaimeitile agus a shalainn a áireamh)
4706 10	Laíon snáithíní a fhaightear ó pháipéar slánaithe nó cairtchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll) nó laíon atá déanta as ábhair eile de cheallalóis snáithíneach: Laíon atá déanta as lintir cadáis
7603 10 00	Púdair nach é an struchtúr lannógach atá iontu
7603 20 00	Púdair arb an struchtúr lannógach atá iontu; calóga
8104 30 00	Grabhróga, fuíoll deile agus gráinníní maignéisiam, iad grádaithe de réir méide; púdair’;

(g) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla ‘8. Ceimiceáin, miotail, cóimhiotail, cumaisc agus ábhair shárfhorbartha eile’:

‘8. Ceimiceáin, miotail, cóimhiotail, cumaisc agus ábhair shárfhorbartha eile

Cód AC	Tuairisc
2610 00	Mianta cróimiam agus tiúcháin díobh
2819 10	Trí-ocsaíd chróimiam
2819 90	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam eile
2825 80 00	Ocsaídí antamóin
8103 20 00	Tantalam neamhshaoirsithe, lena n-áirítear barraí agus slata nach bhfaightear ach trína sintéarú; púdair
8103 30 00	Dramhaíl agus fuíoll tantalaim
8103 91 00	Breogáin tantalaim
8103 99	Earraí tantalaim
8112 21	Cróimiam: neamhshaoirsithe; púdair
8112 22	Cróimiam: Fuíoll agus dramhaíl
8112 29	Cróimiam: Eile
8112 41	Réiniam neamhshaoirsithe agus fuíoll, dramhaíl agus púdair réiniam
8112 49	Réiniam, seachas réiniam neamhshaoirsithe, fuíoll, dramhaíl agus púdair
8112 92	Niaibiam (colaimbiam), gailliam, indiam, vanaidiam agus gearmáiniam neamhshaoirsithe; púdair agus fuíoll agus dramhaíl na miotal sin
8112 99	Earraí niaibiam (colaimbiam), gailliam, indiam, vanaidiam agus gearmáiniam’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn Vb:

‘IARSCRÍBHINN Vb

Liosta na dtíortha comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagail 1bb(7), 1e(4), 1f(4), 1fc(4), 1ga(4), 1jc(13), 1s(4) agus 1zb(1a)

[…]’;

(4) in Iarscríbhinn Vba, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘IARSCRÍBHINN Vba

Liosta na dtíortha dá dtagraítear in Airteagail 1v(1a), 1v(1b), 1za(2), 7(2a), 8g(1) agus 8ga(2)’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn XVIII:

'IARSCRÍBHINN XVIII

Liosta na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise dá dtagraítear in airteagal 1bb

Cód AC	Tuairisc
0601	Bleibíní, tiúbair, meacain, cormáin, corónacha agus riosóim, iad faoi shuan, iad ag fás nó faoi bhláth; plandaí agus fréamhacha siocaire seachas na fréamhacha atá faoi cheannteideal 1212
0602 30	Ródaideandróin agus asáilianna, bídís beangaithe nó ná bídís
0602 40	Rósanna, bídís beangaithe nó ná bídís
0602 90	Plandaí beo eile (lena n-áirítear a bhfréamhacha), beangáin agus slapair; pór beacán – Eile
0604 20	Duilliúir, craobhacha agus codanna eile de phlandaí, gan bhláthanna nó bachlóga bláthanna, agus féara, caonaigh agus léicin atá ina n-earraí de shaghas atá oiriúnach do chrobhaingí nó chun críoch ornáideacha, iad úr, triomaithe, daite, tuartha, tuilte nó ar shlí eile ullmhaithe – Úr
25	Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
26	Mianta, slaig agus luaith
2701	Gual; brícíní, ubhchruthóidigh agus breoslaí soladacha comhchosúla a mhonaraítear as gual
2702	Lignít, bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh, cé is moite de ghaing
2703	Móin (lena n-áirítear easair mhóna) bíodh sí ceirtleánaithe nó ná bíodh
2704	Cóc agus leathchóc guail, ligníte nó móna, bídís ceirtleánaithe nó ná bídís; carbón freangáin
2707	Olaí agus táirgí eile ó dhriogadh tarra guail ardteochta; táirgí comhchosúla inar mó meáchan na gcomhábhar aramatacha ná meáchan na gcomhábhar nach bhfuil aramatach
2708	Pic agus cóc pice, a fhaightear ó tharra guail nó ó tharraí mianracha eile
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha (seachas cinn amha); ullmhóidí ina bhfuil ≥ 70 % de réir meáchain d'olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí, nach sonraítear in áit ar bith eile; olaí dramhaíola ina gcuimsítear peitriliam nó mianraí biotúmanacha go príomha
2712	Glóthach pheitriliam, céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianraí eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís

Cód AC	Tuairisc
2715	Maisteoga biotúmanacha, ciorruithe agus meascáin bhiotúmanacha eile atá bunaithe ar asfalt nádúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianrach - Eile
2801	Fluairín, clóirín, bróimín agus iaidín
2802	Sulfar, é néalaithe nó deasctha; sulfar collóideach
2803	Carbón (dubh carbóin agus foirmeacha eile carbóin nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile)
2804	Hidrigin, triathgháis agus neamh-mhiotail eile
2806	Clóiríd hidrigine “aigéad hidreaclórach”; aigéad clórasulfarach
2811	Aigéid neamhorgánacha eile agus comhdhúile ocsaigine neamhorgánacha eile de neamh-mhiotail
2813	Suilfídí de neamh-mhiotail; tríshuilfíd fosfair thráchtála
2814	Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí
2815	Hiodrocsaíd sóidiam “sóid loiscneach” hiodrocsaíd photaisiam “potais loiscneach”; sárocsaídí sóidiam nó potaisiam
2817	Ocsaíd since; sárocsaíd since
2818 30	Hiodrocsaíd alúmanaim
2819	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam
2820	Ocsaídí mangainéise
2821	Ocsaídí agus hiodrocsaídí iarainn; cré-dhathanna ina bhfuil, de réir meáchain, 70 % nó níos mó iarann comhcheangailte a mheastar mar Fe_2O_3
2822	Ocsaídí agus hiodrocsaídí cóbailt; ocsaídí cobailt tráchtála
2823	Ocsaídí tíotáiniam
2825	Hiodraisín agus hiodrocsalaimín agus a gcuid salann neamhorgánach; bunanna neamhorgánacha, ocsaídí, hiodrocsaídí agus sárocsaídí de mhiotal nach bhfuil sonraithe in aon áit eile
2827	Clóirídí, ocsaídí clóiríde agus hiodrocsaídí clóiríde; bróimídí agus ocsaídí bróimíde; iaidídí agus ocsaídí iaidíde
2828	Hipeachlóirítí; hipeachlóirít chalciam tráchtála; clóirítí; hipeabhróimítí
2829	Clóráití agus sárchlóráití; brómáití agus sárbhrómáití; iadáití agus sáriadáití

Cód AC	Tuairisc
2832 20	Suilfítí (seachas sóidiam)
2833	Sulfáití; alúim; sárocsasulfáití “sárshulfáití”
2834	Nítrítí; níotráití
2835	Foisfíonáití (hipeafoisfítí), fosfónáití (foisfítí) agus fosfáití; polafosfáití, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís
2836	Carbónáití; sárocsacarbónáití “sárcharbónáití”; carbónáit amóiniam tráchtála ina bhfuil carbamáit amóiniam
2839	Sileacáití; sileacáití miotail alcaile tráchtála
2840	Bóráití; Sárocsabóráití (sárbhóráití)
2841	Salainn as aigéad ocsaimiotalach nó sárocsaimiotalach
2843	Miotail chollóideacha lómhara; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha as miotail lómhara, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; malgaim as miotail lómhara
2846	Comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha as miotail tearc-chré, as itriam nó as scaindiam nó as meascáin de na miotail sin
2847	Sárocsaíd hidrigine, bíodh sí soladaithe le húiré nó ná bíodh
2901	Hidreacarbóin neamhchioglacha
2902	Hidreacarbóin chioglacha
2903	Díorthaigh halaiginithe hidreacarbón
2904	Díorthaigh shulfónaithe, níotráitithe nó níotrasaithe de hidreacarbóin, bídís halaiginithe nó ná bídís
2905	Alcóil neamhchioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2906	Alcóil chioglacha agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2907	Feanóil; fenólalcóil
2909	Éitir, éitearalcóil, éitear-fheanóil, éitearalcól-fheanóil, sárocsaídí alcóil, sárocsaíd éitir, sárocsaídí céatóin (bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís), agus a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe

Cód AC	Tuairisc
2910	Eapocsaídí, eapocsa-alcóil, eapocsaifeanóil agus eapocsai-éitir, ag a bhfuil fáinne tríbhallach, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2911	Aicéatail agus leathaicéatail, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2912	Aildéid, bíodh feidhm ocsaigine acu nó ná bíodh; polaiméirí cioglacha d'aildéid; paraformaildéad
2914	Céatóin agus cuineoin, bíodh feidhm ocsaigine eile acu nó ná bíodh, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2915	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2916	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha neamhsháithithe, aigéid mhonacarbocsaileacha chioglacha, a nainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2917	Aigéid pholacarbocsaileacha, a nainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2918	Aigéid mhonacarbocsaileacha ag a bhfuil feidhm bhreise ocsaigine agus a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2920	Eistir d'aigéid neamhorgánacha de neamh-mhiotail (seachas eistir de hailídí hidrigine) agus a salainn; a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2921	Comhdhúile feidhme aimín
2922	Comhdhúile aimín le feidhm ocsaigine
2923	Salainn agus hiodrocsaídí ceathartha amóiniam; leicitin agus fosfa-aimínilipidí eile, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís
2924	Comhdhúile feidhme carbocsai-aimíde; comhdhúile feidhme aimíde d'aigéad carbónach
2925	Comhdhúile feidhme carbocsai-imíde, lena n-áirítear siúicrín agus a chuid salann, agus comhdhúile feidhme imín
2926	Comhdhúile feidhme nítríle
2929	Comhdhúile le feidhmeanna eile nitrigine
2930	Comhdhúile orgánasulfair
2933 29	Comhdhúile heitrichioglacha nach bhfuil ach heitrea-adaimh nítrigine amháin iontu, a bhfuil fáinne imíodasóil neamh-chomhleáite, bíodh sé hidriginithe nó ná bíodh, sa struchtúr, (gan hiondantoin agus a dhíorthaigh, agus táirgí faoi fhocheannteideal 3002 10 a áireamh)

Cód AC	Tuairisc
2933 54	Díorthaigh eile de mhalóiniolúiré (aigéad barbatúrach); salainn díobh sin
2933 71	6-Heacsánlachtam (eipsealón-capralachtam)
2933 79	Lachtaim (gan 6-heacsánlachtam “eipsealón-capralachtam”, clóbasam “inn”, meitipríolón “inn”, agus comhdhúile neamhorgánacha nó orgánacha de mhearcair a áireamh)
